Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7583/26**

**CDR 47**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta**
**agus comhalta malartach,**
**arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Gearmáine,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tiocfaidh suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh an 1 Bealtaine 2026, tar éis do Thomas Eugen HABERMANN éirí as oifig, le feidhm ón 1 Bealtaine 2026.

(4) Mhol Rialtas na Gearmáine Christoph SCHNAUDIGEL, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Landrat des Landkreises Karlsruhe* (Coimisinéir Dúiche Karlsruhe), mar chomhalta de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Bealtaine 2026 agus ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

(5) Tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh chun bheith folamh tar éis cheapadh Christoph SCHNAUDIGEL mar chomhalta de Choiste na Réigiún ón 1 Bealtaine 2026.

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

(6) Mhol Rialtas na Gearmáine Ina LAUKÖTTER, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Landrätin des Kreises Gütersloh* (Coimisinéir Dúiche Gütersloh), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Bealtaine 2026 agus ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ón 1 Bealtaine 2026 agus ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

(a) mar chomhalta:

– Christoph SCHNAUDIGEL *Landrat des Landkreises Karlsruhe* (Coimisinéir Dúiche Karlsruhe),

agus

(b) mar chomhalta malartach:

– Ina LAUKÖTTER, *Landrätin des Kreises Gütersloh* (Coimisinéir Dúiche Gütersloh).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*